# Iarratas ar Aisíocaíocht Cánach Breisluacha (CBL) ag duine incháinithe nach bhfuil bunaithe in Éirinn (an Tríú Treoir Déag)

**(Léigh na nótaí míniúcháin tábhachtacha atá ceangailte roimh an bhfoirm seo a chomhlánú)**

## 1. Sonraí an Chomhlachta Éilitheora (Comhlánaigh an chuid seo in BLOCLITREACHA)

Ainm an Iarratasóra:

Seoladh:
(Eircode san áireamh)

Seoladh Ríomhphoist:

Uimhir Fóin:

Sonraí na hOifige Cánach agus Uimhir Clárúcháin Cánach sa tír ina bhfuil an t-iarratasóir bunaithe nó sainchónaithe nó gnáthchónaithe:

**Comhlánaigh sonraí bainc ina n-iomláine – is trí ríomhaistriú airgid amháin a dhéanfar aisíocaíocht.**

Uimhir an Chuntais:

Cód Sórtála:

IBAN:

BIC/SWIFT:

Cuntas in Ainm:

Ainm agus Seoladh an chomhlachta airgeadais:

## 2. Sonraí an Éilimh

Cineál gnó an iarratasóra:

An tréimhse dá tagraíonn an t-iarratas seo: Ón L L M M B B Go dtí an L L M M B B

Suim iomlán na haisíocaíochta a iarradh (i bhfigiúirí):
(féach lastall le haghaidh liosta miondealaithe) €

Leis seo, dearbhaíonn an t-iarratasóir (féach nótaí)
Gur úsáideadh na hearraí nó seirbhísí sonraithe seo le haghaidh na ngníomhaíochtaí gnó seo a leanas in Éirinn.

Go raibh sé nó sí, in Éirinn, le linn na tréimhse clúdaithe ag an iarratas seo i mbun an mhéid seo a leanas:
(Cuir ☒ sa bhosca cuí)

Gnó gan earraí nó seirbhísí a sholáthar; nó

Gnó ach amháin soláthar seirbhísí a bhfuil CBL iníoctha ag an duine a rinne na seirbhísí a sholáthar dó / di, nó

Gnó ach amháin soláthar seirbhísí iompair idirnáisiúnta agus fo-sheirbhísí a ghabhann leis.

Tá na sonraí uile a tugadh san iarratas seo fíor agus cruinn ar gach slí

Síniú Dáta L L M M B B

## ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN

1. Uimhir an Bharántais: Uimhir an Chustaiméara:
2. Scrúdaithe ag: Ar: / /
3. Seiceáilte ag: Ar: / /
4. An tSuim Cheadaithe: €

**Úsáid bileog ar leithligh más gá**

| Uimh. na Míre | Cineál na n-earraí nó seirbhísí | Ainm, uimhir clárúcháin CBL agus seoladh soláthróir na n-earraí nó seirbhísí | Dáta agus uimhir an tsonraisc nó an doiciméid iompórtála | Suim INAISÍOCTHA CBL de réir mar a léirítear ar shonraisc / doiciméid iompórtála € |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | * IOMLÁN € | |

* (Ní mór go dtiocfaidh an tsuim iomlán leis an tsuim a éilítear ar leathanach 1)

## EOLAS TÁBHACHTACH

1. Tá sé riachtanach gach réimse den fhoirm seo a chomhlánú chun go bhféadfar an t-éileamh a bhreithniú.

2. Ba chóir iarratas ar aisíocaíocht CBL a íoctar ar earraí (lena n-áirítear ainmhithe) **ag pointe iontrála** isteach sa **Stát** seo ag coinsíní (nó ag dearbhóir/ionadaí an choinsíní) a dhéanamh ar thuairisceán **VAT 3**, nuair atá íocaíocht CBL den chineál sin déanta ag custaiméir atá **cláraithe** le haghaidh CBL. Nuair a dhéanann custaiméir **nach bhfuil cláraithe** le haghaidh CBL íocaíocht, ba chóir an t-éileamh ar aisíocaíocht a dhéanamh leis an **bhFo-Rannóg seo.** Ní ghlacfar le héileamh ach ar an leagan reatha den VAT 60OEC (Aibreán 2021).

3. Níl Cáin Bhreisluacha inaisíoctha in Éirinn ar bhia, deoch, lóistín nó seirbhísí eile pearsanta; costais siamsaíochta; mótarfheithiclí paisinéara agus feithiclí spóirt a fhruiliú; peitreal; earraí a fuarthas le soláthar taobh istigh d'Éirinn nó le fruiliú le húsáid taobh istigh d'Éirinn; earraí nó seirbhísí a fuarthas nó earraí iompórtáilte i dtaca le gníomh a bheadh ina ghníomhaíocht dhíolmhaithe dá dtarlódh sé in Éirinn.

4. Má sholáthraíonn soláthraí Éireannach **seirbhísí** duit **ar bhonn leanúnach**, féadfaidh tú a bheith cáilithe le haghaidh cánachas lamháltais a cheadaíonn soláthraí Éireannach ráta nialasach a ghearradh ar na soláthairtí a sholáthraíonn siad duit - féach nótaí maidir le **Nós Imeachta Simplithe.**

5. Nuair a thabhaíonn daoine incháinithe a fhaigheann cóir chánach grúpa CBL, ní mór d'ionadaí an ghrúpa iarratas a dhéanamh thar ceann na gcomhaltaí uile. Ós rud é nach gá na sonraisc tacaíochta a chuirtear ar fáil a bheith seolta chuig an gcomhalta ionadaíoch, ní mór go n-áireofar sa deimhniú um ghníomhaíocht eacnamaíocha (féach nótaí i mBosca 3) ainmneacha chomhaltaí an ghrúpa a thabhaigh Cáin Bhreisluacha.

6. Sonraigh cineál na ngníomhaíochtaí gnó a bhí ar bun le linn thréimhse an éilimh. **Ní mór míniú a thabhairt** ar na cúinsí beachta faoina raibh an CBL atá á h-athéileamh anois tabhaithe agus an nasc idir tarlúint dá chineál agus gníomhaíochtaí gnó an iarratasóra sa Stát. Ceangail leathanach breise más gá chun an nasc a mhíniú go hiomlán.

7. **Ní mór deimhniú a bheith i dteannta an iarratais** agus an deimhniú eisithe ag údarás inniúla na tíre ina bhfuil an t-éilitheoir bunaithe agus sonrú tugtha ann ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch atá ar bun ag an éilitheoir agus an t-eolas seo a leanas san áireamh: ainm, seoladh agus stampa oifigiúil an údaráis a d'eisigh an deimhniú; ainm agus seoladh an iarratasóra; uimhir chlárúcháin an ghnó agus ráiteas maidir le cineál an ghnó a dhéanann an t-éilitheoir. Má tá deimhniú dá chineál curtha ar aghaidh ag an éilitheoir chuig na Coimisinéirí Ioncaim, áfach, ní gá deimhniú nua a chur ar fáil ar feadh **tréimhse bliana** ón dáta eisiúna.

8. Ba chóir tagairt a dhéanamh san iarratas do cheannacháin earraí agus seirbhísí a ndearnadh sonraisciú orthu, le linn **tréimhse nach lú ná 3 mhí** nó nach nó ná aon bhliain féilire amháin. Féadfaidh baint a bheith aige le tréimhse níos lú ná 3 mhí, áfach, sa chás go léiríonn an tréimhse seo an chuid atá fágtha de bhliain féilire. Ina theannta sin, féadfaidh baint a bheith aige le sonraisc nach bhfuil clúdaithe ag iarratais a rinneadh roimhe seo agus a bhaineann le hidirbhearta a rinneadh le linn na bliana féilire atá i gceist. **Ní mór iarratais a thíolacadh taobh istigh de 6 mhí ó dheireadh na bliana féilire inar éirigh an cháin a íocadh chun bheith inmhuirir.**

9. Féadtar an doiciméad a úsáid le haghaidh níos mó ná sonrasc nó doiciméad iompórtála amháin. **Ní mór** suim iomlán an CBL a éilítear **gan a bheith níos lú ná** €400 má tá an t-éileamh le haghaidh tréimhse nach lú ná 3 mhí ach nach mó ná bliain féilire **agus nach lú ná** €50 má tá an t-éileamh le haghaidh tréimhse níos lú ná 3 mhí, ar choinníoll gurb é seo an tsuim atá fágtha sa bhliain féilire.

10. Ba chóir go mbeadh an t-éileamh iomlán in airgeadra an Euro. Sa chás go bhfuil an tsuim a léirítear ar an sonrasc in airgeadra nach Euro é, ba chóir don éilitheoir na suimeanna CBL a thiontú isteach ina gcoibhéis Euro leis an ráta tiontaithe (nó ráta malairte) a bhí i bhfeidhm ar an dáta a eisíodh an sonrasc.

11. Ní mór go mbeadh **sonraisc bhunaidh** a léiríonn an méid CBL a d'íoc tú a bheith in éineacht leis an iarratas.

    **(Má theastaíonn uait go gcuirfí na sonraisc bhunaidh ar ais chugat, déan cinnte fótachóipeanna chur san áireamh).**

    **Ba chóir go n-áireofar i sonraisc na sonraí seo a leanas**

    - ainm, seoladh agus uimhir clárúcháin CBL an tsoláthraí,
    - ainm agus seoladh an duine ar soláthraíodh na hearraí nó seirbhísí leo,
    - dáta eisiúna an tsonraisc,
    - uimhir sheicheamhach a shainaithníonn an sonrasc go huathúil,
    - cur síos mionsonraithe ar na hearraí agus seirbhísí a soláthraíodh,
    - an costas iomlán, an ráta CBL agus an CBL a gearradh.

12. Is coinníoll den scéim é go gceadaíonn do thír féin lamháltais chomhchosúla do thrádálaithe IE maidir lena cánacha comhionann le CBL féin. Ní cheadófar d'iarratas ach ar an mbonn go bhfuil scéim chomhchosúil ag do thír féin chun na cánacha seo a aisíoc le trádálaithe IE. Ní mór deimhniú ó d'údaráis chánach a bheith leis an iarratas maidir le socruithe cómhalartacha chun aisíocaíochtaí a dhéanamh le daoine incháinithe a bhfuil bunaíocht acu in IE

## NÓS IMEACHTA SIMPLITHE

I gcás trádálaithe a bunaíodh taobh amuigh d'Éirinn atá ag fáil **SEIRBHÍSÍ ar bhonn leanúnach** ó thrádálaithe Éireannacha agus a gcáilíonn an CBL muirearaithe ina leith le haghaidh aisíocaíochta, féadann siad iarratas a dhéanamh faoiseamh lamháltais ó CBL Éireannach a fháil i leith na seirbhísí sin.

Ní mór iarratas ar fhaoiseamh a dhéanamh ar Fhoirm VAT 60A a fhéadtar a íoslódáil ag **www.revenue.ie**.
Ní mór go mbeadh **deimhniú stádais incháinithe** arna eisiúint ag údarás inniúil na tíre ina bhfuil an t-éilitheoir bunaithe in éineacht le hiarratais a bheidh á dtíolacadh.

**Ba chóir foirmeacha éilimh a bhfuil doiciméid tacaíochta in éineacht leo a chur ar ais chuig:**

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
Rannóg an Ard-Bhailitheora
Teach an tSáirséalaigh
Sráid Phroinséis
Luimneach
V94 R972.

Fón: +353 1 738 3667
Ríomhphost:unregvat@revenue.ie

Féadtar tuilleadh chóipeanna den fhoirm seo a fháil ón seoladh thuasluaite nó féadtar iad a íoslódáil ó shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim **www.revenue.ie.**

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá polasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus eolas ar do chearta cosanta sonraí ar fáil ar **www.revenue.ie.**

Deartha ag Ionad Priontála na gCoimisinéirí Ioncaim

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs